# ‘Fún Orm’ - IMLÉ

## Liricí

Scaití ní dhéanann tú na rudaí a theastaíonn uait

Mar gheall go bhfuil an iomarca imní ort go dteipfeadh ort

Nuair a bhíonn fonn orm, déanaim gleo ag na gigeanna

Is den chuid is mó den am, sin an chaoi a n-imíonn mé

Is breá liom a bheith ag úsáid suas mo chuid fuinnimh

Nuair a thagann sé go dtí ceol cumadh canadh

Is breá liom sin, chun a bheith ag labhairt mo intinn

Má dhéanann tú sin tabharfaidh sé cumhacht duit

Mach dtuigfeá riamh a bheadh agat dá uireasa

Sé seo an chumhacht atá againne mar dhaoine

Sé sin do mheon do spiorad agus do shaoirse

A chuir i bhfeidhm, déanaim sin le seinnt

Ceol le mo ghlór i gclubanna agus roinnt

Pubanna, féilte chomh maith le tithe cairde

Admhaím nuair a thagann sé go dtí taifeadadh

Go bhfaigheann mise é seo i bhfad níos deacra

Ní de bharr na focla abairtí a dheirimse

Ach de bharr an fuaimniú fuinnimh atáim ag iarraidh

[Véarsa 2]

Ceann de na fáthanna a thosaigh mise leagan focla

Síos ar pháipéar ná chun go mbeadh rudaí soiléir

I mo shaol mo shlí níos éasca dá bharr

Seo go daonna mar go gcruathaím i nGaeilge

Mo dhúchais, mo thús, an chéad teanga

A tháinig amach as mo chlab gan stad

Go dtí gur labhair mé le máthair an penguin

Orm a bhí an déistin ach raibh mé in ann ciall a bhaint

Ón teilifís go dtí ní bheinn ar bís

Buachaill beag mar mé, is orm a bhí an straois

Gan i bhfad caite gan mé ach sé bliana d'aois

D'fhoghlaim mé béarla is níor lig mé duine ar bith síos

Mar sílim féin is mó teangain a bhfearr

Is má bhíonn tú líofa, is cumadh fiú níos fearr

Seasann sé leat níos mó a thugann tú isteach

Agus sin é go díreach atá mé ag rá leat

Sé sin do mheon do spiorad agus do shaoirse

A chuir i bhfeidhm, déanaimse sin le seinnt

Ceol le mo ghlór i gclubanna agus roinnt

Pubanna, féilte chomh maith le tithe cairde

Admhaím nuair a thagann sé go dtí taifeadad

Go bhfaigheann mé é seo i bhfad níos deacra

Ní de bharr na focla abairtí a dheirimse

Ach de bharr an fuaimniú fuinnimh atáim ag iarraidh

[Curfá]

A chur amach in san domhan, ach tá mé óg

Tá sé ráite roimhe seo an dallamullóg

A chuirim orm féin ó am go ham

Ach coinneoidh mé orm ag foghlaim agus beidh mé slán

A chur amach in san domhan, ach tá mé óg

Tá sé ráite roimhe seo an dallamullóg

A chuirim orm féin ó am go ham

Ach coinneoidh mé orm ag foghlaim agus beidh mé slán

A chur amach in san domhan, ach tá mé óg

Tá sé ráite roimhe seo an dallamullóg

A chuirim orm féin ó am go ham

Ach coinneoidh mé orm ag foghlaim agus beidh mé slán

A chur amach in san domhan, ach tá mé óg

Tá sé ráite roimhe seo an dallamullóg

A chuirim orm féin ó am go ham

Ach coinneoidh mé orm ag foghlaim agus beidh mé slán

# Pointí Spéise

- Is ceol Éireannach comhaimseartha é catagóir an amhráin seo.

- Tá meascán de rapcheol agus de phopcheol san amhrán.

- Is uigeacht Ilfhónach atá ag an amhrán seo. Tá dhá fhonn nó níos mó ná dhá fhonn le cloisteáil ag aon am amháin.

- Cloistear amhránaí, drumaí agus sintéiseoir san amhrán.

- Is amhrán bríomhar é.

- Tá gnéithe traidisiúnta agus neamhthraidisiúnta ag an amhrán seo. Mar shampla, is as Gaeilge a chantar an t-amhrán (traidisiúnta), agus tá tionlacan agus comhcheol san amhrán (neamhthraidisiúnta).

# Obair Ranga

Oibrígí i mbeirteanna agus cuirigí ceisteanna ar a chéile maidir leis an méid a d'fhoghlaim sibh ón bhfíseán.

Samhlaigh go bhfuil tú i do DJ raidió. Scríobh intreoir 30 soicind ina gcuirtear síos ar IMLÉ agus ar an amhrán Fún Orm.

Déan taighde ar amhráin eile de chuid IMLÉ agus déan plé ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí atá idir an t-amhrán sin agus Fún Orm.